

«An Lúibín»



1 Márta 2004



Nuachtlitir Choicisiúil



Comhdháil Ghael-Astrálach

The 13th Irish Australian Conference is on its way. Preliminary information and a registration form can be found on the website below.

I Melbourne na hAstráile a bheidh an chéad Chomhdháil eile, ó 28/9/04 go dtí 1/10/04, agus beidh mórán páipéar á léamh ann. B'fhéidir go mbeadh cúpla focal á rá faoin teanga féin – an rud is annamh is iontach. Ní mór an slua a bhíonn ag na comhdhálacha seo, agus is fiú dul ann más acmhainn duit é.

Féach: <http://www.history.unimelb.edu.au/irish/13IrishAusConf/index.htm>

Troscadh ar thobac

A nation of smokers will have to give up the soothing, fatal weed – with the help of an army of inspectors.

Tá na hÉireannaigh ag ól tobac ón seachtú haois déag i leith, agus é ina shólás mór acu ag obair dóibh, cois tinteáin nó ar thórramh. Is iomaí cuairteoir ón Astráil a fuair púir dheataigh roimhe agus é ar lorg a shinsear thall. Beidh sé sábháilte feasta. D'fhógair an tAire Mícheál Ó Máirtín go gcuirfear rialacha nua i bhfeidhm ar 29/3/04. Ón lá sin amach is féidir fíneáil chomh mór le €3,000 a ghearradh ar aon duine a bheidh ag caitheamh tobac in áit oibre faoi dhíon. Beidh dhá scór oifigeach sláinte timpeallachta, 100 oibrí ón Údarás um Shláinte is Shábháilteachta agus 300 cigire bia ag faire oifigí, tithe itheacháin agus tithe tábhairní. Beidh deis agat fós cúpla toitín a chaitheamh más príosúnach thú (ar eagla na círéibe) nó dá dtarlódh i seomra feitheamh thú (chun an drochscéal a mhaolú). Tá fáilte oifigiúil ag an gceardchumann IMPACT roimh an athrú agus, ar ndóigh, ag na dochtúirí. Ach tá na na tábhairneoirí ag tuar na tubaiste agus á rá nach orthusan is ceart an fhreagracht a chur ach ar na custaiméirí – tuairim nach ngéillfidh an rialtas di ná baol air.

Tá an cosc seo ar thobac ar na rudaí is mó a thabharfaidh Éire ar thaobh Iarthar na hEorpa. Go dtí seo ba thúisce a luafá Éire le hOirthear na hEorpa – tíortha seanchaite ar fhág an t-ansmacht a lorg orthu agus a fuair faoiseamh éigin ó na toitíní. Tá an faoiseamh sin ceilte ar an oileán iathghlas feasta. Caithfidh siad luí amach ar an ól.

Príomhíris na Gaeilge

Literature, politics, current affairs – these are the staple of Comhar, the best known of the Irish-language journals. A glance at the February edition.

Tá *Comhar* ar a sheanléim arís tar éis a bheith in ísle brí roinnt blianta ó shin. Tháinig eagarthóir nua i dtreis agus cuireadh snas ar an gclúdach; rinneadh iarracht ar bhlas a chur ar an ábhar. Léargas ar an méid atá déanta is ea eagrán seo na Feabhra. Tá ailt ann faoi chúrsaí an Tuaiscirt, faoi chúrsaí spóirt, agus eile; tá léirmheas ar leabhar agus ar dhlúthdhiosca ann; agus tá an chéad chuid de Léacht Uí Chadhain 2003 ann.

Pléann Seán Ó hÉalaí an gá atá le leasú i gcúrsaí póilíneachta, agus an oiread sin drochiompair curtha i leith na nGardaí:

Beidh a fhios ag duine ar bith a chónaigh in Éirinn ó na seascaidí anuas go raibh luí i gcónaí chun an fhoiréigin i gcuid mhaith den bhfórsa. B'fhéidir go mbaineann sé le tús-ré an fhórsa agus na cúinsí polaitíochta a bhí ann tar éis bunú an stáit. Go bunúsach níor tháinig aon athrú ar struchtúir an fhórsa ó 1922 agus bhain na struchtúir sin sin leis an dream a bhí rompu, an RIC.

Ábhar eile atá ag an Ollamh Annraoi de Paor – eolaithe agus innealtóirí na Slóváice. Orthu sin bhí Wolfgang Kempelen (1734-1804), fear a bhí idir ghlic agus éirimiúil. Innealtóir, ceoltóir agus scríbhneoir ba ea é, agus rinne sé sár-imreoir 'meicniúil' fichille a raibh duine ceilte istigh ann i gan fhios don domhan.

An file Nuala Ní Dhomhnaill a thug Léacht Uí Chadhain anuraidh. Cuntas bríomhar ar chuid dá scéal féin is ea é mar chailín a tógadh i gCorca Dhuibhne sna caogaidí agus an-suim aici sa bhéaloideas – 'scéalta beaga a bhí fite fuaite mar dhlúth agus inneach tríd an gcaint'.

Rudaí beaga a tharlaíodh ó lá go lá go luaití seanscéal leo nó tagairt éigin neamhghnách. Ar nós an lae, cúpla bliain ina dhiaidh sin, is mé i mo chailín óg, go rabhas ag siúl suas bóthar na Cathrach agus gúna síoda orm a bhí déanta de dhá stráice stuife a bhí fuáilte le chéile agam agus fáithim curtha faoina mbun thíos, an t-aon iarracht fuála a dheineas, agus ceann deireanach.

'Ó,' arsa John Sé, colceathrar lem' Dhaid críonna, a bhuaíl liom ar an mbóthar, 'is maith liom do ghúna.'

'Sea,' arsa mise le teann mórtais, 'síoda is ea é.'

'Nach maith atá a fhios agam é,' arsa John Sé, 'tháinig an meid sin síoda isteach sa bhfaill sin thiar ar a dtugann siad Faille a' tSíoda, go raibh muintir an pharóiste ag ceangal na n-ainmhithe leis; "bhí laincisí síoda faoi chaoire na Cathrach", mar a dúirt an file' – abairt a dh'fhanfadh im' cheann go deo agus a léimfeadh amach chugham nuair a bheadh dán ar bun agam blianta fada ina dhiaidh sin.

Chuaigh Nuala chun na Tuirce agus phós ann, agus d'fhill arís ar Chorca Dhuibhne ina file déanta. Tá blas úr nádúrtha ar an insint nach samhlófá anois ach leis an tseanGhaeltacht – nádúrthacht atá in easnamh ar na hailt eile, cé nach measa iad ar an dóigh sin ná iriseoireacht na Gaeilge i gcoitinne.

Tá *Comhar* an-Ghaelach ar bhealach eile – tá sé pultha le fir. Seachas an léacht úd agus léirmheas le Brídín Ní Dhonncha níl ann ach tuairimí fear. Más olc maith iad, níor mheasade iad canta maith den aigne bhaineannach a mheascadh tríothu mar léargas ar leath eile an tsaoil.

Tá breis eolais le fáil faoin iris ar an suíomh seo: www.comhar-iris.ie.

Na flaitheis thall

A Muslim country Indonesia may be, but older beliefs survive and co-exist with Islam, rather as the pre-Christian world survives in certain folk beliefs in Ireland. This is so on the Hindu island of Bali, and also (as below) among the Dyaks, the fierce and ancient people of Borneo.

Scéal le Korrie Layun Rampan in *The Jakarta Post* (nuachtán Béarla na hIndinése) a chuir *An Lúibín* ag cuimhneamh ar an tír úd agus ar an gcreideamh tuisceanach measctha a mhaireann ann d'ainneoin na n-antoisceach. 'Tír na bhFlaitheas' is teideal don scéal sin, agus é ag cur síos ar an dlúthcheangal atá idir daoine agus taibhsí.

Kak Amran, fear óg, agus Debra, cailín strainséartha, agus a n-aghaidh ar an *lou*, teampall na nDáiceach. Ofrálacha scaipthe ina dtimpeall agus ar bhruach na habhann; tosaíonn an fear ag insint don chailín faoi thábhacht an *lou*, áit na ndeasgháthanna sin a nascann sean agus óg le chéile ó ghlúin go glúin. Cuireann sí ceist air faoi thír na bhflaitheas, agus cuireann sé síos ar sheacht phálas na bhflaitheas sin, ceann os cionn an chinn eile: déithe an torainn sa cheann is ísle, agus déithe na ngaoth agus na gealaí díreach os a gcionn. Tá déithe eile fós le fáil as sin aníos, agus sa phálas is airde atá Letala Juus Tuhaq, dia na n-anamacha. Ní gan dua a théitear suas ó phálas go pálás; tá trialacha diana le fulaingt chun céim suas a fháil.

Tá saghas Ifrinn ann freisin, thíos i lár an domhain; an dia Jewata ina chónaí ann, agus déithe an éisc, na cré, na carraige agus na mianraí ina thimpeall.

Is é an *wara*, saghas sagairt, atá ina threoraí ag na marbh agus iad ag dul abhaile. B'fhéidir go dtógfadh an obair coicís air, agus liodán ar siúl i gcónaí.

Anois tá siad i gclós an *lou*. Os comhair na gcéimeanna adhmaid amach scairteann duine éigin le háthas: 'Tá Kak Amran chugainn! Tá Kak Amran chugainn!' Daoine ag teacht amach; deireadh leis an ngleo nuair a fheiceann siad an cailín strainséartha, agus í ag déanamh miongháire chun caidreamh agus dea-intinn a chur in iúl. An bheirt ag dul isteach, daoine ag féachaint amach ó na seomraí, geoin mhór chainte ann. Greim ag Amran ar ghéag an chailín.

'Tá siad dár scrúdú go fiosrach,' ar seisean de chogar.

'Go fiosrach..?'

Sin deireadh an scéil, agus ceist ann. An iad na taibhsí nó na daoine atá féachaint orthu? Saol é seo a bhfuil rian na marbh i gcónaí air, rian an alltair úd atá romhainn uile.

Féach: www.thejakartapost.com.

Dea-chaint na toite

More about tobacco, this time from Allagar na hInise, a diary kept by Tomás Ó Criomhthain on the Great Blasket Island from 1919 to 1922. This is from the edition edited by Pádraig Ua Maoileoin (Oifig an tSoláthair BÁC 1977): 14.11.1920, p. 249.

Stoirm ard ann agus an fharraige ag dul le buile, tarrac ard agus spéir ard agus gach cló uirthi nach inniu ná amárach a bheadh sí cortha den fhuadar seanúil a bhí fúithi.

"A Mhuire mháthair!" arsa seanbhean, "ní thiochfaidh aon lá breá i mbliana. Ar an gcló atá ar an dtráthnóna anocht is gairid go mbeidh snas liath ar mo phíp de cheal aon cháithne tobac le cur inti," ar sise.

"Is cuma duit mura dtiochfaidh aon tsnas liath ar an ngoile agat de cheal bídh," arsa mise.

"Is measa liom an tobac uaim!" ar sise.

"Tá an tobac go holc go dtagann an t-ocras," arsa mise.

An Ghaeilge agus an AE (arís)

The majority party in the Irish government, Fianna Fáil, has members applying pressure from within to seek official status for Irish in the EU.

Beidh stádas na Gaeilge san Eoraip á chíoradh ag Ard-Fheis Fhianna Fáil i mí Mhárta de bharr cumainn de chuid an pháirtí as Ciarraí agus as Conamara a bheith á éileamh. Tá trí pháirtí de chuid an Fhreasúra ar aon intinn leo i ngeall ar thábhacht na ceiste seo.

Thaispeáin an Taoiseach agus an tAire Ó Cuív an mháistreacht atá acu ar chaint sheachantach na polaitíochta. Seo sampla ó bhéal an Aire, agus é ag caint ar ghrúpa a cuireadh ar bun chun an scéal a iniúchadh:

‘Is é feidhm an ghrúpa seo teacht ar bhealaí ina féidir cur le stádas na Gaeilge san AE. D’fhéadfaí go nglacfaidh sé sin roinnt ama agus ansin chaithfí iad a phlé le hInstitiúidí an AE. Ní mór dúinn a aithint nach mbraithfear go bhfuil muid ag súil le níos mó ón Aontas Eorpach ná mar atá muid féin sásta a dhéanamh dúinn féin. Trí spriocanna réasúnta á gcur romhainn agus an fheidhm phraiticiúil atá acu a léiriú gur féidir linn cás níos fearr a dhéanamh do stádas na Gaeilge san AE.’

Dúirt an Taoiseach, agus é ag caint leis an nuachtán *Lá*, go bhfuil sé ar son stádas breise a fháil don Ghaeilge san Aontas Eorpach. “Níl sé ráite agam nach bhfuil an Rialtas ag lorg stádas níos fearr don Ghaeilge ag leibhéal an Aontais Eorpaigh. An rud atá ráite agam go gcaithfidimid bheith soiléir má lorgáimid rud éigin go bhfuil seans réasúnta againn í a fháil.” Ní dhéanfar faic go bhfaighfear tuairisc an ghrúpa úd.

Dúirt an TD Michael D. Higgins (an té a chuir TG4 ar bun agus é ina Aire), dúirt sé le *Lá* go bhfuil ag éirí thar barr leis an bhfeachtas agus nach raibh an Rialtas in ann éalú as. B’fhurasta glíceas a chomhpholaiteoirí a mheas faoi bhun an chirt sa chás seo.

Féach: www.nuacht.com.

